

Is tionscnamh úr í Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil (CSPA) Bhaile Átha Cliath Theas lena dtabharfar áitritheoirí, eagraíochtaí pobail, seirbhísí poiblí, ionadaithe áitiúla agus an Garda Síochána le chéile le bheith ag obair i gcomhpháirt ar chroí-thosaíochtaí sábháilteachta pobail i limistéar riaracháin Bhaile Átha Cliath Theas. Beidh guth na n-áitritheoirí lárnach i dtaca le saincheisteanna áitiúla a shainaithint, réitigh a mhúnlú agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn.

Tá CCÁCT ag cur fáilte roimh léirithe spéise ó Chumann Áitritheoirí ar fud Bhaile Átha Cliath Theas chun Ionadaí Áitritheora a ainmniú don Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil úr.

Ról an Ionadaí Áitritheora

Is é a dhéanfaidh Ionadaithe Áitritheora:

- Dearcthaí áitritheoirí agus Cumann Áitritheoirí fud fad Contae Bhaile Átha Cliath Theas a léiriú agus ionadaíocht a dhéanamh dá gcuid leasanna
- Cur le sainaithint na dtosaíochtaí sábháilteachta pobail agus aon saincheisteanna a bheadh ag teacht chun cinn sa cheantar áitiúil
- Bheith ag obair ar bhonn comhoibritheach le gníomhaireachtaí reachtúla, grúpaí pobail agus comhpháirtithe eile
- Cur le forbairt agus cur i bhfeidhm Phlean Sábháilteachta Pobail Áitiúil
- Freastal a dhéanamh ar chruinnithe CSPA agus ar cheardlanna nó imeachtaí rannpháirtíochta gaolmhara

Is ról deonach é seo. Cuirfear tacaíocht agus faisnéis ar fáil do gach Ionadaí Áitritheora chun cabhrú leo a bheith iomlán rannpháirteach agus gníomhú i modh rúin.

Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?

Tá fáilte roimh chumann áitritheoirí atá lonnaithe i limistéar riaracháin Bhaile Átha Cliath Theas Léiriú Spéise a chur isteach chun ionadaí áitritheora a ainmniú:

A chónaíonn i limistéar riaracháin Chomhairle Contae Átha Cliath Theas

A bhíonn rannpháirteach go gníomhach ina gCumann Áitritheoirí

Atá tiomanta do chur chun cinn an ionchuimsithe, an mheasa agus an chomhoibrithe

Mar is féidir Léiriú Spéise a chur isteach

Tá fáilte roimh chumann áitritheoirí ar mian leo Ionadaí Áitritheora a ainmniú Léiriú Spéise a chur isteach ar líne faoina 5.00pm, Dé Máirt, an 27 Eanáir 2026. Más mian leat nasc chuig an bhFoirm Léirithe.